II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1501 ÓN gCOMHAIRLE

an 9 Meán Fómhair 2022

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 208/2014 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Úcráin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 208/2014 ón gComhairle an 5 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Úcráin ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 5 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 208/2014.

(2) Ar bhonn athbhreithniú ón gComhairle, ba cheart na hiontrálacha maidir le ceathrar a ndeachaigh cur i bhfeidhm beart sriantach ina gcoinne in éag an 6 Meán Fómhair 2022, agus an fhaisnéis maidir lena gcearta cosanta agus lena gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil, a scriosadh ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 208/2014.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 208/2014 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 208/2014 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 66, 6.3.2014, lch. 1.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. SÍKELA

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 208/2014 mar a leanas:

(1) i roinn A ("Liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2"), scriostar na hiontrálacha do na daoine seo a leanas:

1. Viktor Fedorovych Yanukovych;

3. Viktor Pavlovych Pshonka;

7. Oleksandr Viktorovych Yanukovych;

9. Artem Viktorovych Pshonka.

(2) i roinn B ("Cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil"), scriostar an fhaisnéis a bhaineann leis na daoine seo a leanas:

1. Viktor Fedorovych Yanukovych;

3. Viktor Pavlovych Pshonka;

7. Oleksandr Viktorovych Yanukovych;

9. Artem Viktorovych Pshonka.